Legal Notice 1 -- No Title

1962

£200 – Drumcondra

# LEGAL NOTICES

## FOGRA I DTAOBH TIOMNACHTAI CARTHANULA

IN carrál Aoidh Mhichíl Gilfoyle (nach maireann) roimhe seo as 15 Bothar Naoimh Alfons, Dromconnrach, Baile Atha Cliath, Oide Scoile ar phinsean.

Tugtar fógra le seo do reir Ailt a 52 den Acht Charartha 1961 gur fhág an t-eagach thuasluaite (d'eág ar an 17ú lá d'Aibreán 1961) lén a Uacht dár dáta an t-18ú lá de Mheitheamh, 1957, agus le trí codaisilí dhí dar dáta an 25ú lú d'Iuil, 1957, an dara lá de Mhí na Nodlag, 1959, agus an t-11ú lá de Shamhain fe seach na tiomnachtaí seo leanas :—

1. £200, dón Chisteóir, Sacred Heart Home, Dromconnrach Baile Atha Cliath le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a déintear san institiúid sin.

2. £200, don Chisteóir, Magdalen Asylum, An Phairc Ard, Dromconnrach, Baile Atha Cliath, le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a déintear san institiúid sin.

3. £200 don Chisteóir, St. Brigids Orphanage (Sisters of the Holy Faith), le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a déintear sa dhílleachtlann sin.

4. £200, do Shagart Pharoisde Naoimh Cholmáin, Bothar I, Dromconnrach, le caitheamh i gcóir cóiriú an tSeipeil sin, Naoimh Cholmáin.

5. £50, dón tSagart Cheanna i gcóir Aifreann.

6. £200, do Mhátbair Oirmhinneach Peter. Holy Faith Convent, Sceiri, Conndae Atha Cliath, le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a déintear sa chlochar sin.

7. £50, d'Athair Oirmhinneach D. Cregan, Sagart cúnta, Eaglais Naoimh Cholmáin, Bothar I. i gcóir Aifreann.

8. £50, don Chisteóir, Comhaltas Naoimh Uinnsinn de Pól, Seipéal Naoimh Francis Xavier, Sráid Ghairdineir, Baile Atha Cliath, le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a deineann an cómhaltas sin.

9. £1,000, don Mhathair Oirmhinneach, Presentation Convent Naoimh Sheosaimh, Leamhchan, Conndae Atha Cliath, le caitheamh in Eirinn i gcóir na h-oibre carthanúla a déintear sa chlochar sin.

10. In a theannta sin, d'fhag an Tiomnóir Iarman a earral dá dheirfúir, sin í Mathair Oirmhinneach M. Clare, Presentation Convent, Leamhchan Conndae Atha Cliath le caitheamh in Eirinn ar pé chríocha nó aidhmeanna Charthanúla a thogha sí dá discréid fein go h-iomlán ach i gcás an deirfúir sin d-fhail bas ríomh an tiomnóir. sa chas sin fágadh an t-iarman sin don Mháthair Oirmhinneach de thuras na h-uaire den Presentation Convent thuasluaite le Caitheamh in Eirinn i gcóir no h-oibre carthanúla a déintear sa chlochar sin.

Deonadh Priobhaid na h-Uachta agus na gcodaisilí thuasluaite amach ó Phriomh-Chlarlann Phriobhaide na h-Ard Cuirte an dara lá d'Fheabhra, 1962, don Bhanc Naisiúnta Teoranta, 913 Old Broad Street, Londain, agus do Sheán O hAnluain, The Derries. An Tullach Mór i gConndae Ua bhFaile, na seiceadóirí a ceapadh insan Uacht agus ins na Codaisilí thuasluaite.

Do Choimisinéirí na d-Tabhartas agus na Tiomnachtaí carthanúla agus do ghach uile dhuine lena bhaineann sé.

Dar dáta an 31 ú lá de Dheireadh Fombair, 1962.

MAGHNUS O LOINGSIGH
agus a MHAC, Athúrnaithe
ar son na Seiceadóirí, 12
Có Ormond Ioc: Baile
Atha Cliath.

---

PURSUANT to an order of the High Court made in a suit Record No. 169/1962 in the matter of the Shanghai Chinese Restaurant Limited, Attilio Senezio, Plaintiff, The Shanghai Chinese Restaurant Limited, Defendants, all persons claiming to be incumbrancers affecting the interest of the Defendants in the premises No. 34 Upper O'Connell Street, Dublin, together with the goodwill of the business carried on in the ground floor and basement known as The Cafe Moderna held under three Indentures of Lease dated the 16th day of March, 1919, 16th day of September, 1924, and 5th day of April, 1955, are to enter and prove their claims at Room 110, High Court, Four Courts, Dublin, on or before the 27th day of November, 1962, or in default thereof, they will be peremptorily excluded from the benefit of the said order. Every such incumbrancer holding any security is to produce the same at the Examiner's Office of the said Court on the 28th day of November, 1962, at 11 o'clock in the forenoon being the time appointed for adjudicating on the claims.

Dated the 24th day of October, 1962.

GERARD M. B. MURTAGH,
Examiner.

Reproduced with permission of the copyright owner. Further reproduction prohibited without permission.

3258